

Nótaí ar chleachtadh eagarthóireachta 3

I measc na n-ábhar sna nótaí seo tá:

- **Tráchttaireacht** faoi na leasuithe atá le déanamh ar an téacs.
- Tuilleadh plé ar cheisteanna a thagann aníos sa téacs in **Pointí plé**.
- **Athleagan** den téacs agus na leasuithe go léir curtha i bhfeidhm air.

Antoni Gaudí

Barcelona, 7 Meitheamh, 1926. Seanóir ag siúl go haonrach,¹ gan chosúlacht² ar bith air go raibh ceann scríbe ar a intinn aige ach é ar fhiarlaoid³ idir na tithe móra agus na siopaí faiseanta. Ag cúinne sráide, thug sé céim síos ón gcosán gan aird aige ar thrácht an bhealaigh mhóir. Níor airigh sé an tram go raibh sé sa mhullach air. Buille uafásach. Buille mharfach,⁴ go deimhin, bíodh is nár éag an seandúine ar an toirt.

Chruinnigh na daoine thart air. Cuartaíodh⁵ pócaí a chasóige ag iarraidh cáipéis éigin a bhéarfadh⁶ fios a ainme⁷ do lucht an otharchairr ar ball. Deamhan⁸ cáipéis! Arbh fhéidir gur strainséir é – fámaire ó Pháras nó turasóir ó Mhaidrid? Ní go cionn⁹ trí lá níos déanaí, i ndiaidh an duine ghortaithe¹⁰ bás a fháil, a tuigeadh fírinne an scéil: bhí Antoni Gaudí, ailtire, dearthóir, ceannródaí, ar shlí na fírinne agus é in aois a cheathrú bliain is trí fhichid.¹¹

Ní raibh moill ar a chóchathróirí¹² a aithint go raibh laoch ar lár. A fhianaise sin an t-iomad¹³ daoine a lean an chónra go dtí an Aifreann¹⁴ éagnairce in eaglais *La Sagrada Família*, mar ar chaith Gaudí a dhua agus a dhúthracht uile ón mbliain 1914 i leith.

Fear a bhí ann arbh fhurasta dó ollshaibhreas¹⁵ a charnadh, dá mbeadh a fhonn sin air. Cá raibh an t-ailtire ba mhó cáil ná é i measc sármháistirí na linne?¹⁶ Is amhlaidh gur¹⁷ shocraigh sé cromadh ar thógáil na heaglaise in ionad na gcoimisiún brabúsacha¹⁸ a bhí á dtairiscint ag baincírí agus ceannaí¹⁹ na cathrach. Ba é a mhórmhian príomhchathair a dhéanamh de Barcelona agus teanga na Catalóine a chur i réim in²⁰ athuair. B'ionann rún dá chuid carad²¹ go léir, beagnach, agus ní bhíodh leisc²² orthu an dearcadh náisiúnach sin a fhógairt don saol mór.

Ba é an imní a bhí ar lucht aitheantas²³ Gaudí, i mblianta deiridh a shaoil, ná go raibh sé imithe rófhada le hídéalachas²⁴ agus le crábhadh. Ní gar a shéanadh²⁵ go mbíodh cuma ghioblach air ná go gcuireadh sé a cholainn féin faoi bhrú uafásach oibre.

Tráchttaireacht

1. *go haonrach...* Is leagan malartach den fhocal [AONARACH](#) é sin.
2. *gan cosúlacht ar bith...* Ní shéimhítear an t-ainmfhocal i ndiaidh *gan* más amhlaidh atá sé cáilithe: *duine gan chiall* ach *duine gan ciall dá laghad*. Féach [GGBC](#): 4.9.
3. *ar fhiarlaoid...* Níl feidhm le séimhiú. *Ar fhiarlaoid* ba cheart a scríobh, ar aon dul le *ar muir* nó *ar cíos*. Is leagan caighdeánach atá in [FIARLAOID](#); ní gá athleagan mar *ar fálróid* a chur ina áit.
4. *buille mharfach...* Is é *buille marfach* a theastaíonn, ó tharla *buille* a bheith firinsneach. Ní i gcónaí a thugtar slán an difear idir *buille* agus *buile*, atá ina ainmfhocal baininsneach. Féach an iontráil [AR BUILE/AR BHUILLE](#) sa bhunachar Cruinneas.
5. *Cuartaíodh...* Leagan malartach de [CUARDAIGH](#) is ea *cuartaigh*. Dá bhrí sin, is ‘cuartaíodh’ ba cheart a bheith ann.
6. *a bhéarfadh...* Is é *a thabharfadh* a theastaíonn i dtéacs caighdeánach.
7. *fios a ainme...* Ainmfhocal firinsneach den cheathrú díochlaonadh is ea [AINM](#) de réir FGB: *fios a ainm*.
8. *Dheamhan cáipéis!* Is gnách [DEAMHAN](#) a shéimhiú nuair is é an chiall atá leis *faic* nó *ceann ar bith*. Ní infhilltear an t-ainmfhocal ina dhiaidh sa chás sin: ‘Á, dheamhan fear sna Rosa, ina Ghael nó ina Ghall é,’ arsa Mósáí, ‘nach mbuailfinnse.’ Séamus Mac Grianna, *Micheál Ruadh*: 26.
9. *go cionn...* Is é [GO CEANN](#) an leagan caighdeánach.
10. *i ndiaidh an duine ghortaithe bás a fháil.* Níl feidhm ginidigh le *i ndiaidh* san abairt seo. Is é ba cheart a scríobh, *i ndiaidh an duine gortaithe bás a fháil* nó *i ndiaidh don duine gortaithe bás a fháil*.
11. *in aois a cheathrú bliain is trí fichid...* Is cosúil gur *in his sixty-fourth year* a bhí ar intinn an údair ach ní orduimhir (*ceathrú, cúigiú...*) a úsáidtear sa struchtúr Gaeilge, ach bunuimhir (*ceithre, cúig...*). Is é a theastaíonn, mar sin, ná *in aois a cheithre bliana is trí fichid*. Tá leagan iolra faoi leith den fhocal [FICHE](#) ann a úsáidtear le bunuimhreacha: *trí fichid, ceithre fichid* srl. Ní shéimhítear an focal.
12. *a chóchathróirí...* Ní úsáidtear an réimír *có(i)*– ach i gcomhfhocail áirithe, ina dtosaíonn an dara mír le *m* nó *n*, mar shampla *cómhargadh, cóimhéid, cónascadh, cónear tú*. An leagan simplí *a chomhchathróirí* ba cheart a scríobh anseo.

13. *an t-iomad daoine...* Ó tharla *iomad* a bheith cosúil le focail fhirinscneacha mar *ionad*, shílfeá gur cheart an réamhlitir *t* a chur leis i ndiaidh an ailt. Ach ní luaitear inscne ar bith le [IOMAD](#). Is é ‘an iomad daoine’ ba cheart a scríobh. Mar an gcéanna i gcás *an iliomad daoine*.

14. *go dtí an Aifreann...* Corruair, fághtar an réamhlitir *t* ar lár ar an tuiscint go bhfuil *Aifreann* sa tuiseal tabharthach. Tharla nach réamhfhocal atá in *go dtí* ar chor ar bith, ach leagan den bhriathar [TAR](#) sa mhodh fhoshuiteach láithreach. Níl cúis ar bith, mar sin, nach scríobhfaí *go dtí an tAifreann*. Ba chóir a lua go n-úsáidtear *go dtí* díreach ar nós gnáth-réamhfhocail i gcanúintí. Féach an iontráil [GO DTÍ](#) sa bhunachar Cruinneas.

15. *ollshaibhreas...* Ní gnách séimhiú a bheith ann áit a dtagann DNTLS le chéile i gcomhfhocal: *cúldoras, spotsolas, ollsaibhreas*.

16. *i measc sármháistrí na linne...* Is é ba cheart a scríobh, *i measc shármháistrí na linne* ar nós *i gcoinne Bhunrecht na hÉireann* nó *i measc mhuintir na háite*. Féach [GGBC](#): 417.

17. *Is amhlaidh gur shocraigh sé...* Féach an nóta seo in [GGBC](#): ‘Foirm choibhneasta dhíreach a bhíonn ar lorg *amhlaidh*.’ (13.69) Dá bhrí sin, is é ba cheart a scríobh ná *is amhlaidh a shocraigh sé*.

18. *in ionad na gcoimisiún brabúsacha...* Lagiolra is ea *coimisiún* agus ba cheart an aidiacht a bheith ar aon dul leis: *in ionad na gcoimisiún brabúsach*.

19. *ceannaí...* Uimhir iolra an fhocail [CEANNAÍ](#) (*merchant*) a theastaíonn, i.e. [ceannaithe](#). Is fíor gur mar a chéile a fhuaimnítear an dá fhocal i gcanúintí áirithe.

20. *in athuair...* De réir coinbhinsiúin, is *an athuair* a scríobhtar. Rogha eile ná an t-alt a fhágáil ar lár agus *athuair* a scríobh.

21. *carad...* Bíodh is go n-úsáidtear *carad* mar ghinideach iolra i roinnt frásaí seanbhunaithe (m.sh. *Cogadh na gCarad*) níl an úsáid sin forleathan. Bheifeá ag súil le *cairde* ina leithéid seo de théacs.

22. *leisc...* Leagan malartach den fhocal [LEISCE](#).

23. *lucht aitheantas Gaudí...* Tá meascán d’ainmfhocail chinnte agus d’ainmfhocail éiginnte ansin. Seans go mbeadh amhras ar dhaoine faoi infhilleadh na n-ainmfhocal dá bharr sin. Ach is aonad céille atá in *lucht aitheantais* atá neamhspleách ar a bhfuil roimhe agus ina dhiaidh. Is é ba cheart a scríobh anseo.

24. *le hidéalachas...* Mar seo a litrítear an focal: [IDÉALACHAS](#).

25. *Ní gar a shéanadh...* Seans go raibh an nath coitianta *ní gá* ar intinn an scríbhneora. Bíodh sin mar atá, is *níl gar a shéanadh* ba cheart a scríobh.

Pointí plé

Ach oiread le téacs ar bith, tá a lán focal sa sliocht seo a d'fhéadfaí a fhágáil ar lár. Ní hionann sin agus a rá gur botúin iad, áfach. A leithéid seo: *ceann scríbe ar a intinn aige*: Thioctadh an *a* a bhaint gan dochar do bhrí na habairte, ach níl *ar a intinn* mícheart.

Bíonn claonadh ag daoine focail bhreise a chur leis an téacs. A leithéid seo: *Níor airigh sé an tram go raibh sé sa mhullach air*. Cuireann daoine *go dtí* leis sin: **go dtí go raibh sé sa mhullach air**. Tá an dá leagan chomh ceart lena chéile.

Athleagan

Seo thíos leagan den téacs agus na leasuithe go léir curtha i bhfeidhm air.

Antoni Gaudí

Barcelona, 7 Meitheamh, 1926. Seanóir ag siúl go haonarach, gan cosúlacht ar bith air go raibh ceann scríbe ar a intinn aige ach é ar fiarlaoid idir na tithe móra agus na siopaí faiseanta. Ag cúinne sráide, thug sé céim síos ón gcosán gan aird aige ar thrácht an bhealaigh mhóir. Níor airigh sé an tram go raibh sé sa mhullach air. Buille uafásach. Buille marfach, go deimhin, bíodh is nár éag an seandúine ar an toirt.

Chruinnigh na daoine thart air. Cuardaíodh pócaí a chasóige ag iarraidh cáipéis éigin a thabharfadh fios a ainm do lucht an otharchairr ar ball. Dheamhan cáipéis! Arbh fhéidir gur strainséir é – fámaire ó Pháras nó turasóir ó Mhaidrid? Ní go ceann trí lá níos déanaí, i ndiaidh an duine gortaithe bás a fháil, a tuigeadh fírinne an scéil: bhí Antoni Gaudí, ailtire, dearthóir, ceannródaí, ar shlí na fírinne agus é in aois a cheithre bliana is trí fichid.

Ní raibh moill ar a chomhchathróirí a aithint go raibh laoch ar lár. A fhianaise sin an iomad daoine a lean an chónra go dtí an tAifreann éagnairce in eaglais *La Sagrada Família*, mar ar chaith Gaudí a dhua agus a dhúthracht uile ón mbliain 1914 i leith.

Fear a bhí ann arbh fhurasta dó ollsaibhreas a charnadh, dá mbeadh a fhonn sin air. Cá raibh an t-ailtire ba mhó cáil ná é i measc shármháistirí na linne? Is amhlaidh a shocraigh sé cromadh ar thógáil na heaglaise in ionad na gcoimisiún brabúsach a bhí á dtairiscint ag baincéirí agus ceannaithe na cathrach. Ba é a mhórmhian príomhchathair a dhéanamh de Barcelona agus teanga na Catalóine a chur i réim an athuir. B'ionann rún dá chuid cairde go léir, beagnach, agus ní bhíodh leisce orthu an dearcadh náisiúnach sin a fhógairt don saol mór.

Ba é an imní a bhí ar lucht aitheantais Gaudí, i mblianta deiridh a shaoil, ná go raibh sé imithe rófhada le hidéalachas agus le crábhadh. Níl gar a shéanadh go mbíodh cuma ghioblach air ná go gcuireadh sé a cholainn féin faoi bhrú uafásach oibre.